



2024/1178

24.4.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1178 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí áirithe a chruthú, a mhodhnú agus a bhainistiú tar éis an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (<sup>(1)</sup>), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún (<sup>(2)</sup>), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na gcuíótaí ráta taraife ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha chun iad a bhainistiú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún (<sup>(3)</sup>), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').
- (3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle (<sup>(4)</sup>), tugadh an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn ('an Comhaontú') i gcrích an 27 Samhain 2023.
- (4) Ba cheart na leasuithe a dhéantar leis an gComhaontú sin a léiriú in Iarscríbhinní I, VIII, IX, XIV agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus in Iarscríbhinní I, II agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.
- (6) Tá gá le forálacha idirthréimhseacha chun soiléiriú a dhéanamh ar na cainníochtaí atá le cur i bhfeidhm sa chéad bhliain den chur i bhfeidhm, agus ar conas déileáil leis na cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chuótaí a dhúnadh agus a oscailt sa tréimhse cuótaí chéanna.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

(<sup>(1)</sup>) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj>.

(<sup>(2)</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2020/761/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj)).

(<sup>(3)</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2020/1988/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj)).

(<sup>(4)</sup>) Cinneadh (AE) 202244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L 2024/244, 28.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

‘(m) fógra a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis a bhaineann le córas leictreonach LORI, deimhnithe barántúlachta (CA), deimhnithe um Shocrú Faireacháin Isteach (IMA 1), agus deimhnithe incháilitheachta.’;

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mura bhforáiltear a mhalairt i dTeideal III, ceadúnais a eisítear le haghaidh taraif-chuótaí ar allmhairí a bhainistítear le doiciméid arna n-eisiúint ag trúú tíortha, beidh siad bailí óna ndáta eisiúna go dtí 23.59 (am na Bruiséile) den 30ú lá féilire tar éis an lá deireanach de bhailíocht dearbhaithe IMA 1 nó CA ar eisíodh iad ina leith. Ní rachaidh an tréimhse bhailíochta sin thar dheireadh na tréimhse taraif-chuóta céanna. Ceadúnais a eisiatar le haghaidh taraif-chuótaí ar allmhairí a bhainistítear le deimhnithe incháilitheachta, beidh siad bailí óna ndáta eisiúna go dtí 23.59 (am na Bruiséile) de lá deiridh na tréimhse taraif-chuóta.’;

(3) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

**‘Fógraí don Choimisiún faoi fhaisnéis a bhaineann le córas leictreonach LORI, deimhnithe barántúlachta, deimhnithe incháilitheachta agus deimhnithe IMA 1’;**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás gach deimhnithe barántúlachta, deimhnithe incháilitheachta nó deimhnithe IMA 1 arna thaisceadh ag oibreoir i ndáil le taraif-chuótaí a bhainistítear le doiciméid arna n-eisiúint ag trúú tíortha, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi uimhir an cheadúnais chomhfhreagraigh a bheidh eisithe acu agus faoin gcainníocht a chumhdaítear leis an gceadúnas sin. Déanfar an fógra sula gcuirfean an ceadúnas a eisíodh ar fáil don oibreoir.’;

(4) in Airteagal 42(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an naoú fohmír:

‘I gcomhréir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, arna fhorghabháil le Cinneadh (AE) 2024/244 (\*), tá taraif-chuótaí ar oscailt le haghaidh allmhairíú mairteola isteach san Aontas faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

(\*) Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L 2024/244, 28.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj>);

(5) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tar éis d’iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar an gceadúnas allmhairíúcháin, cuirfidh siad an deimhniú barántúlachta nó an deimhniú incháilitheachta agus cóip de faoi bhráid an údaráis eisiúna ceadúnas. Ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais allmhairíúcháin a eisiúint ach amháin má tá siad sásta go bhfreagraíonn an fhaisnéis uile ar an deimhniú barántúlachta nó ar an deimhniú incháilitheachta don fhaisnéis a fhaightear gach seachtain ón gCoimisiún.

I gcás nach mbeidh ach cóip den deimhniú barántúlachta nó den deimhniú incháilitheachta tíolactha nó i gcás inar tíolacadh bunchóip an deimhnithe barántúlachta nó an deimhnithe incháilitheachta ach nach bhfuil an fhaisnéis sa doiciméad sin i gcomhréir leis an bhfaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil, iarrfaidh na húdaráis inniúla ar an iarratasóir ceadúnais urrús breise a thaisceadh de bhun Airteagal 45.’;

(6) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní bheidh gá, áfach, le hurrús breise den sórt sin i gcás ina mbeidh cóip den deimhniú barántúlachta nó den deimhniú incháilitheachta soláthraithe ag údarás na tíre is onnmhaireoir trí bhíthin an chórais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 72(8).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Scaoilfidh na Ballstáit an t-urrús breise a luaithe a gheobhaidh siad bunchóip an deimhnithe barántúlachta nó an deimhnithe incháilitheachta agus nuair a bheidh siad sásta go bhfreagraíonn a bhfuil ann don fhaisnéis a fuarthas ón gCoimisiún.’;

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 46a seo a leanas:

‘Airteagal 46a

**Taraif-chuóta ar mhairteoil agus laofheoil úr agus reoite de thionscnamh na Nua-Shéalainne dar sraithuimhir 09.4456**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4456.
2. Beidh eisiúint ceadúnais allmhairiúcháin agus scaoileadh i saorchúrsaíocht cainníochtaí a allmhairítear faoin taraif-chuóta dá dtagraítear i mír 1 coinníollach ar go gcuirfí deimhniú incháilitheachta ar fáil.
3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV, pointe 6.
4. Déanfar deimhnithe incháilitheachta a chomhlánú i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.
5. Beidh sraithuimhir aonair arna leithdháileadh ag an údarás eisiúna ar dheimhnithe incháilitheachta.
6. Ní bheidh deimhnithe incháilitheachta bailí ach amháin má tá siad comhlánaithe go cuí agus formhuinthe ag an údarás eisiúna le haghaidh an taraif-chuóta allmhairiúcháin lena mbaineann.
7. Measfar teastais incháilitheachta a bheith formhuinthe go cuí má shonraíonn siad an dáta agus an áit eisiúna agus má tá séala clóite nó stampa an údaráis eisiúna orthu mar aon le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.
8. Beidh deimhnithe incháilitheachta bailí go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta is infheidhme.
9. Úsáidfead na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn XVI chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4456.’;

(8) in Airteagal 48, cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh an dara mír:

‘I gcomhréir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, arna fhormheas le Cinneadh (AE) 2024/244, tá taraif-chuótaí ar oscailt le haghaidh allmhairiú púdair bainne, im agus cáis isteach san Aontas faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.’;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

‘Airteagal 49

**Taraif-chuóta cáise EDT na Nua-Shéalainne**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4516.
2. Cuirfidh na húdaráis chustaim sraithuimhir dheimhniú IMA 1 in iúl i Roinn 31 den cheadúnas allmhairiúcháin.
3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta IMA 1 i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A, pointe A1.’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 50:

‘Airteagal 50

**Taraif-chuótaí ime EDT na Nua-Shéalainne**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.4523, 09.4524 agus 09.4525.
2. Cuirfidh na húdaráis chustaim sraithuimhir dheimhniú IMA 1 in iúl i Roinn 31 den cheadúnas allmhairiúcháin.
3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta IMA 1 i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A, pointe A2.
4. Cainníochtaí a chuirfidh na húdaráis inniúla in iúl don Choimisiún le haghaidh taraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.4523, 09.4524 agus 09.4525, déanfar iad a mhiondealú de réir cód AC.;

(11) cuirtear isteach Airteagal 51 seo a leanas:

‘Airteagal 51

**Taraif-chuótaí ar phúdar bainne, im agus cáis de thionscnamh na Nua-Shéalainne dar sraithuimhreacha 09.4518, 09.4519 agus 09.4520**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4518, 09.4519 agus 09.4520.
2. Beidh eisiúint ceadúnais allmhairiúcháin agus scaoileadh i saorchúrsaíocht cainníochtaí a allmhairítear faoi na taraif-chuótaí dá dtagraítear i mír 1 coinníollach ar go gcuirfí deimhniú incháilitheachta ar fáil.
3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.7.
4. Déanfar deimhnithe incháilitheachta a chomhlánú i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.
5. Beidh sraithuimhir aonair arna leithdháileadh ag an údarás eisiúna ar dheimhnithe incháilitheachta.
6. Ní bheidh deimhnithe incháilitheachta bailí ach amháin má tá siad comhlánaithe go cuí agus formhuinthe ag an údarás eisiúna le haghaidh an taraif-chuóta allmhairiúcháin lena mbaineann.
7. Measfar teastais incháilitheachta a bheith formhuinthe go cuí má shonraíonn siad an dáta agus an áit eisiúna agus má tá séala clóite nó stampa an údarás eisiúna orthu mar aon le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.
8. Beidh deimhnithe incháilitheachta bailí go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta is infheidhme.;

(12) in Airteagal 52, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cumhdóidh ceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh na dtaraif-chuótaí sin an ghlanchainníocht iomlán a léirítear ar dheimhniú IMA1 nó ar an deimhniú incháilitheachta.;

(13) leasaítear Airteagal 72 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe (c) seo a leanas:

‘(c) deimhniú incháilitheachta i leith earnálacha na mairteola agus na laofheola agus earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 go mír 6:

‘3. Cé is moite de na taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagail 49 agus 50, déanfaidh oibreoirí bunchóip an deimhnithe barántúlachta, an deimhnithe incháilitheachta nó dheimhniú IMA 1 mar aon lena n-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a chur faoi bhráid údarás eisiúna ceadúnas an Bhallstáit allmhairíochta. Soláthróidh an t-oibreoir freisin cóip den deimhniú barántúlachta, den deimhniú incháilitheachta nó de dheimhniú IMA 1 má éilíonn an t-údarás eisiúna ceadúnas sin. Déanfar an t-iarratas laistigh de thréimhse bhailíochta an deimhnithe barántúlachta, an deimhnithe incháilitheachta nó dheimhniú IMA 1 agus tráth nach déanaí ná an lá deireanach den tréimhse tharaif-chuóta lena mbaineann.

4. Maidir le faisnéis faoin deimhniú barántúlachta, an deimhniú incháilitheachta agus deimhniú IMA 1, fíoróidh an t-údarás eisiúna ceadúnas go bhfreagraíonn sí don fhaisnéis a fuair sé ón gCoimisiún. Más amhlaidh atá, agus mura ndeir an Coimisiún a mhalairt, eiseoidh an t-údarás eisiúna ceadúnas na ceadúnais allmhairiúcháin gan mhoill, tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis an t-iarratas a cuireadh isteach le deimhniú barántúlachta, le deimhniú incháilitheachta nó le deimhniú IMA 1 a fháil.

5. Ní úsáidfeadh ach deimhniú barántúlachta amháin, deimhniú incháilitheachta amháin nó deimhniú IMA 1 amháin chun aon cheadúnas allmhairiúcháin amháin a eisiúint.

6. Déanfaidh an t-údarás eisiúna ceadúnas nóta, ar an deimhniú barántúlachta, an deimhniú incháilitheachta nó an deimhniú IMA 1 agus ar a chóip de, d'uimhir eisiúna an cheadúnais agus den chainníocht ar úsáideadh an doiciméad sin lena haghaidh. Sloinnfeadh an chainníocht ina haonaid iomlána, arna slánú go dtí an cileagram is gaire i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 8(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239. Coinneoidh an t-údarás eisiúna ceadúnas an deimhniú barántúlachta, an deimhniú incháilitheachta nó an deimhniú IMA 1. Seolfar an chóip ar ais chuig an iarratasóir lena húsáid le haghaidh nósanna imeachta custaim i gcás ina dtugtar an méid sin le fios i dTeideal III den Rialachán seo.;

(c) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘A luaithe a bheidh deimhniú barántúlachta, deimhniú incháilitheachta nó deimhniú IMA 1 amháin nó níos mó eisithe ag an tír is onnmhaireoir, cuirfidh sí eisiúint na ndoiciméad sin in iúl don Choimisiún láithreach.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil d’údarás eisiúna ceadúnas agus d’údarás chustaim na mBallstát samplaí de na hinphriontaí stampaí a d’úsáid an t-údarás eisiúna sa tír is onnmhaireoir chun an deimhniú barántúlachta nó an deimhniú incháilitheachta a eisiúint. Cuirfeadh ar fáil freisin d’údarás eisiúna ceadúnas agus d’údarás chustaim na mBallstát ainmneacha agus sínithe na ndaoine atá údaraithe chun an deimhniú barántúlachta nó an deimhniú incháilitheachta a shíniú, arna gcur in iúl don Choimisiún ag údarás na dtíortha is onnmhaireoir. Maidir leis an rochtain ar bhunachar sonraí Chóras Bainistithe Samplaí (SMS) ina bhfuil an fhaisnéis sin, beidh sí teoranta do dhaoine údaraithe agus cuirfeadh ar fáil do na Ballstáit í trí bhíthin córas faisnéise arna bhunú i gcomhréir le hAirteagail 57 agus 58 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.’;

(14) Leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, IX, XIV agus XVI i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Airteagal 2

### Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an tAirteagal 31a seo a leanas:

‘Airteagal 31d

**Taraif-chuótaí ar fheoil chaorach agus ghabhair úr, fhuaraithe agus reoite de thionscnamh na Nua-Shéalainne dar sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896 agus 09.7897**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896 agus 09.7897.

2. Beidh scaoileadh i saorchúrsaíocht cainníochtaí a allmhairítear faoin taraif-chuóta dá dtagraítear i mír 1 coinníollach ar go gcuirfí deimhniú incháilitheachta ar fáil.

3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe H.

4. Déanfar deimhnithe incháilitheachta a chomhlánú i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.

5. Beidh sraithuimhir aonair arna leithdháileadh ag an údarás eisiúna ar dheimhnithe incháilitheachta.

6. Ní bheidh deimhnithe incháilitheachta bailí ach amháin má tá siad comhlánaithe go cuí agus formhuinthe ag an údarás eisiúna le haghaidh an taraif-chuóta allmhairiúcháin lena mbaineann.
  7. Measfar teastais incháilitheachta a bheith formhuinthe go cuí má shonraíonn siad an dáta agus an áit eisiúna agus má tá séala clóite nó stampa an údaráis eisiúna orthu mar aon le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.
  8. Beidh deimhnithe incháilitheachta bailí go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta is infheidhme.
  9. Úsáidfean na factóirí coinbhéartachta a leagtar síos in Iarscríbhinn V chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh maidir leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896 agus 09.7897.;
- (2) I gCaibidil II, cuirtear Roinn 9 seo a leanas leis:

‘ROINN 9

#### TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA PRÓISEÁILTE DÉIRÍOCHTA AGUS ARDPHRÓITÉIN MEIDHG

*Airteagal 31b*

##### **Taraif-chuóta ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte déiríochta agus ardphróitéin meidhg de thionscnamh na Nua-Shéalainne dar sraithuimhir 09.7903**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.7903.
  2. Beidh scaoileadh i saorchúrsaíocht cainníochtaí a allmhairítear faoin na taraif-chuótaí dá dtagraítear i mír 1 coinníollach ar go gcuirfí deimhniú incháilitheachta ar fáil.
  3. Tarraingeofar suas deimhnithe incháilitheachta i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe H.
  4. Déanfar deimhnithe incháilitheachta a chomhlánú i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.
  5. Beidh sraithuimhir aonair arna leithdháileadh ag an údarás eisiúna ar dheimhnithe incháilitheachta.
  6. Ní bheidh deimhnithe incháilitheachta bailí ach amháin má tá siad comhlánaithe go cuí agus formhuinthe ag an údarás eisiúna le haghaidh an taraif-chuóta allmhairiúcháin lena mbaineann.
  7. Measfar teastais incháilitheachta a bheith formhuinthe go cuí má shonraíonn siad an dáta agus an áit eisiúna agus má tá séala clóite nó stampa an údaráis eisiúna orthu mar aon le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.
  8. Beidh deimhnithe incháilitheachta bailí go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta is infheidhme.’;
- (3) leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (4) cuirtear isteach Iarscríbhinn V, a leagtar a téacs amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

#### **Forálacha idirthréimhseacha**

1. Maidir leis an tréimhse taraif-chuóta 2024, is cainníochtaí *pro rata* iad na cainníochtaí lena n-úsáid le haghaidh na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4456, 09.4518, 09.4519 agus 09.4520, cainníochtaí a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir leis an tréimhse taraif-chuóta 2024, an chainníocht 6 031 000 kg atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta cáise EDT dar sraithuimhir 09.4516, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach ar eisíodh ceadúnais ina leith idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2024 le haghaidh na dtaraif-chuótaí cáise EDT dar sraithuimhreacha 09.4514 agus 09.4515.

Maidir leis an tréimhse taraif-chuóta 2024, an chainníocht 12 177 000 kg atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta ime EDT dar sraithuimhir 09.4525 air, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach ar eisíodh ceadúnais ina leith idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2024 le haghaidh na dtaraif-chuótaí ime EDT dar sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195.

2. Na ceadúnais a eisíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le haghaidh taraif-chuótaí 09.4182, 09.4195, 09.4454, 09.4514 agus 09.4515, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí deireadh a dtréimhse bailíochta.

3. Maidir leis an tréimhse taraif-chuóta 2024, is cainníochtaí *pro rata* iad na cainníochtaí lena n-úsáid le haghaidh taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.7904, 09.7901, 09.7898, 09.7899, 09.7902, 09.7896, 09.7897, 09.7903 agus 09.7905, cainníochtaí a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

#### *Airteagal 4*

### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, IX, XIV agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) tar éis an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4505, cuirtear isteach an ró seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4456:

09.4456	Mairteoil agus laofheoil	Allm-hairiú	AE: doiciméid arna n-eisiúint ag an tír is onnmhaireoir	Níl	Níl		Níl;
---------	--------------------------	-------------	---	-----	-----	--	------

(b) scriostar na rónna a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182, 09.4195, 09.4514, agus 09.4515;

(c) tar éis an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4229, cuirtear isteach an ró seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4516:

09.4516	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl;
---------	---------------------------	-------------	-------------------------	-----	----	--	------

(d) tar éis an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4602, cuirtear isteach na rónna seo a leanas a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4518, 09.4519, 09.4520, 09.4523, 09.4524 agus 09.4525:

09.4518	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: doiciméid arna n-eisiúint ag an tír is onnmhaireoir	Níl	Níl		Níl
09.4519	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: doiciméid arna n-eisiúint ag an tír is onnmhaireoir	Níl	Níl		Níl
09.4520	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: doiciméid arna n-eisiúint ag an tír is onnmhaireoir	Níl	Níl		Níl
09.4523	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl



09.4524	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl
09.4525	Bainne agus táirgí bainne	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) leasaítear an tábla a bhaineann leis an tarai-f-chuóta dar sraithuimhir 09.4454 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile’:

<b>‘Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile</b>	Rialachán (CE) Uimh. 1095/96 ón gComhairle an 18 Meitheamh 1996 maidir le cur chun feidhme na lamháltas a leagtar amach i Sceideal CXL a dréachtaíodh tar éis caibidlíochtaí GATT XXIV.6 a thabhairt i gcrích Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn’;
--	--

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “dleacht chustaim laistigh den chuóta:

<b>‘Dleacht chustaim laistigh den chuóta</b>	7,5 %;
--	--------

(b) cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an tarai-f-chuóta dar sraithuimhir 09.4456:

<b>‘Sraithuimhir</b>	<b>09.4456</b>
<b>Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile</b>	<b>Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle</b> an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
<b>Tréimhse tarai-f-chuótaí</b>	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
<b>Fothréimhsí tarai-f-chuótaí</b>	Níl
<b>Iarratas ar cheadúnas</b>	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
<b>Tuairisc ar an táirge</b>	Feoil úr, fhuaraithe nó reoite, saille nó ullmhóidí ó bhó-ainmhithe a tógadh faoi dhálaí feirmeoireachta tréadaí na Nua-Shéalainne, i.e., cé is moite de lochtaí beathaithe tráchtála.
<b>Tionscnamh</b>	An Nua-Shéalainn
<b>Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint</b>	Tá. Deimhniú incháilitheachta, a leagtar a theimpléad amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.
<b>Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht</b>	Tá. Deimhniú incháilitheachta, a leagtar a theimpléad amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.

<b>Cainníocht ina kg</b>	2024 <i>Pro rata</i> 3 333 000 kg 2025 4 286 000 kg 2026 5 238 000 kg 2027 6 190 000 kg 2028 7 143 000 kg 2029 8 095 000 kg 2030 9 048 000 kg  2031 agus blianta ina dhiaidh sin 10 000 000 kg coibhéis mheáchan an chonablaigh
<b>Cóid AC</b>	0201, 0202, 0206 10 95, 0206 29 91, 0210 20 10, 0210 20 90, 0210 99 51, 0210 99 59, ex 1502 10 90 (mairteoil amháin), ex 1502 90 90 (mairteoil amháin) agus 1602 50
<b>Dleacht chustaim laistigh den chuóta</b>	7,5 % le haghaidh chóid AC 0201, 0202, 0206 10 95, 0206 29 91, 0210 20 10, 0210 20 90, 0210 99 51, 0210 99 59 agus 1602 50 3,2 % le haghaidh chóid AC ex 1502 10 90 (mairteoil amháin), ex 1502 90 90 (mairteoil amháin)
<b>Cruthúnas ar thrádáil</b>	Níl
<b>Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin allmhairiúcháin</b>	EUR 12 in aghaidh 100 kg
<b>Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas</b>	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
<b>Tréimhse bailíochta ceadúnais</b>	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
<b>Inaistritheacht ceadúnais</b>	Tá
<b>Cainníocht tagartha</b>	Níl
<b>Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI</b>	Níl
<b>Coinníollacha sonracha</b>	Ciallaíonn 'feoil reoite' feoil atá reoite agus ag a bhfuil teocht inmheánach – 12 °C nó níos ísle nuair a thagann sí isteach i gcríoch chustaim an Aontais Déanfar na gearrthacha i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Úsáidfead na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis mheáchan an chonablaigh le haghaidh na dtáirgí a chumhdaítear leis an tsraithuimhir 09.4456 I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo;

(3) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

- (a) cuirtear na táblaí seo a leanas a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4523, 09.4524 agus 09.4525 in ionad na dtáblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195:

<b>‘Sraithuimhir</b>	<b>09.4523</b>
<b>Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile</b>	Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi chuimsiú a inniúlachta, na gcomhaontuithe ar ar thángthas i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994) Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
<b>Tréimhse taraif-chuótaí</b>	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
<b>Fothréimhsí taraif-chuótaí</b>	Níl
<b>Iarratas ar cheadúnas</b>	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
<b>Tuairisc ar an táirge</b>	Im
<b>Tionscnamh</b>	An Nua-Shéalainn
<b>Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint</b>	Níl
<b>Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht</b>	Tá. Deimhniú IMA 1, a leagtar a theimpléad amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.
<b>Cainníocht ina kg</b>	2024 agus na blianta ina dhiaidh sin 21 000 000 kg
<b>Cóid AC</b>	0405 10
<b>Dleacht chustaim laistigh den chuóta</b>	2024 20 % de tharaife an náisiúin barrfhabhair 2025 15 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2026 13,33 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2027 11,64 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2028 9,98 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2029 8,32 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2030 6,66 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair 2031 agus blianta ina dhiaidh sin 5 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair
<b>Cruthúnas ar thrádáil</b>	Tá. 100 tona.
<b>Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin allmhairiúcháin</b>	EUR 35 in aghaidh gach 100 kg glanmheáchan
<b>Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas</b>	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
<b>Tréimhse bailíochta ceadúnais</b>	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
<b>Inaistritheacht ceadúnais</b>	Tá
<b>Cainníocht tagartha</b>	Níl
<b>Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI</b>	Níl
<b>Coinníollacha sonracha</b>	I gcomhréir le hAirteagail 50, 53 agus 54 den Rialachán seo

<b>Sraithuimhir</b>	<b>09.4524</b>
<b>Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile</b>	Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi chuimsiú a inniúlachta, na gcomhaontuithe ar ar thángthas i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994) Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
<b>Tréimhse taraif-chuótaí</b>	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
<b>Fothréimhsí taraif-chuótaí</b>	Níl
<b>Iarratas ar cheadúnas</b>	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
<b>Tuairisc ar an táirge</b>	Im
<b>Tionscnamh</b>	An Nua-Shéalainn
<b>Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint</b>	Níl
<b>Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht</b>	Tá. Deimhniú IMA 1, a leagtar a theimpléad amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.
<b>Cainníocht ina kg</b>	2024 agus na blianta ina dhiaidh sin 14 000 000 kg
<b>Cóid AC</b>	0405 10
<b>Dleacht chustaim laistigh den chuóta</b>	30 % de tharaif an náisiúin barrfhabhair
<b>Cruthúnas ar thrádáil</b>	Tá. 100 tona.
<b>Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin allmhairiúcháin</b>	EUR 35 in aghaidh gach 100 kg glanmheáchan
<b>Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas</b>	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
<b>Tréimhse bailíochta ceadúnais</b>	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
<b>Inaistritheacht ceadúnais</b>	Tá
<b>Cainníocht tagartha</b>	Níl
<b>Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI</b>	Níl
<b>Coinníollacha sonracha</b>	I gcomhréir le hAirteagail 50, 53 agus 54 den Rialachán seo

<b>Sraithuimhir</b>	<b>09.4525</b>
<b>Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile</b>	Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi chuimsiú a inniúlachta, na gcomhaontuithe ar ar thángthas i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994) Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn.
<b>Tréimhse taraif-chuótaí</b>	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
<b>Fothréimhsí taraif-chuótaí</b>	Níl
<b>Iarratas ar cheadúnas</b>	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
<b>Tuairisc ar an táirge</b>	Im
<b>Tionscnamh</b>	An Nua-Shéalainn
